# Saol Ella

## Eipeasóid 2: Ceacht 1

Tá an ceacht seo bunaithe ar an gclár *Saol Ella* – Eipeasóid 2: Cuid 1 **(00:00 – 13:35).**
Tá an mhír físe ar fáil ag: **https://snas.ie/lessons/eipeasoid-2-ceacht-1/**

**A. RÉAMHOBAIR**

Sula mbreathnóidh tú ar an mír físe, pléigh na ceisteanna seo a leanas.


1. Cén fáth a raibh Ella míshásta sa chlár deireanach go raibh Gaeilgeoirí ag teacht le fanacht sa teach?
2. Cén duine a tháinig chun **lámh chúnta a thabhairt** d'athair Ella ag deireadh an chéad chláir? Cén fáth, an dóigh leat?
3. Is léir go bhfuil **caidreamh achrannach** ach grámhar idir Ella agus a hathair. Cén sórt caidrimh atá agat féin le do thuismitheoirí/chaomhnóirí sa bhaile? An mbíonn easpa saoirse agus neamhspleáchais ina cnámh spairne eadraibh freisin?
4. Beidh teach Ella **lán go béal** anois go deireadh na míosa le Gaeilgeoirí. Cad a tharlóidh amach anseo, meas tú, agus an teach lán le déagóirí?




© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**B. CLUASTUISCINT**

Anois, féach ar an mír físe agus freagair na ceisteanna thíos.



1. Cén chaoi a mothaíonn Ella agus Gaeilgeoirí ag cnagadh de shíor ar a doras?
2. San amhrán a chanann Ella ag tús an chláir cén meafar a úsáideann sí chun cur síos a dhéanamh uirthi féin?
3. Cén imní *is mó* atá ar Lúsaí, cinnire an tí?
4. Tá difríocht mhór idir Teach Dan agus Teach Mháirín Jude. Luaigh codarsnacht amháin atá eatarthu.
5. Ní bhíonn ganntanas de cén rud i dteach Mháirín Jude?
6. Cuireann Saorla i leith athair Ella nach féidir leis...
    a. aire a thabhairt d'ainmhithe
    b. aire a thabhairt dá chlann
    c. aire a thabhairt dó féin
7. Cén fáth go díreach a dteastaíonn ó Mhamó fón póca a thabhairt do Bhróna?
8. Cad a thugann Ella do Bhróna?
    a. misneach
    b. cairdeas
    c. dúshlán
9. Cén spéis is mó atá i gcoiteann ag Ella agus ag Josh?
10. **Cé mhéad a ghearrann Liam ar na Gaeilgeoirí as a bhfóin phóca a úsáid?**





snas.ie

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

## C. STÓR FOCAL AGUS SAIBHREAS TEANGA

1. Bí ag obair le duine amháin eile. Roinnfidh an múinteoir an script iomlán den sliocht thíos leis an rang. Caithfidh Duine A Cuid 1 a léamh os ard agus caithfidh Duine B na bearnaí a líonadh.  Ansin déanaigí malartú.

   **CUID 1 (Duine A ag léamh, Duine B ag líonadh na mbearnaí)**
   Is mise Bróna Ní Fhlannagáin. Táim dhá bhliain déag d'aois. Tá ___________ _______ ar an gCarraig Dhubh i mBaile Átha Cliath le mo Mham, Deirdre, mo Dhaid, Tomás, agus mo bheirt ___________, Traolach agus Ruairí. Is é Ruairí an duine is sine sa ___________. Tá sé seacht mbliana déag d'aois agus ___________ sé ar Choláiste Eoin i mBaile an Bhóthair. Is aoibhinn leis iománaíocht, peil agus sacar. Is é Traolach an duine is ___________ sa teaghlach. Tá sé deich mbliana d'aois agus sa bhunscoil go fóill. Cuireann sé isteach orm anois is arís mar bíonn sé i gcónaí ag ___________ _______ dul amach ag súgradh leis sa pháirc áitiúil.



   **CUID 2  (Duine B ag léamh, Duine A ag líonadh na mbearnaí)**
   Beidh mé ag dul isteach sa ___________ _______ an bhliain seo ___________. Tá áit faighte agam i gColáiste Íosagáin. Is Gaelcholáiste do chailíní amháin é. Táim an-neirbhíseach mar táim ar ___________ Gaeilge. Tá mo ___________ chun mé a chur siar go Conamara go Coláiste Mhaigh Rua chun feabhas a chur ar mo chuid Gaeilge labhartha ach níl fonn imeachta orm ar ___________ ar bith. Táim buartha go mbeidh mé uaigneach ar feadh trí seachtaine sa Ghaeltacht gan mo Mham go ___________. Beidh sé dian agus nílim ag súil leis in aon chor.

2. Tá **imeartas focal** le feiceáil in ainm Bhróna Ní Fhlannagáin. Pléigh an siombalachas a bhaineann lena hainm.

3. Is minic a léiríonn **ainmneacha Gaeilge** tréithe an duine. Cuimhnigh ar Fhionn do dhuine a bhfuil gruaig fhionn air, Ruadhán do dhuine a bhfuil gruaig rua air nó Aisling do spéirbhean álainn. An bhfuil aon sampla eile ar eolas agat? Céard faoi d'ainm nó do shloinne féin fiú?





snas.ie


© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

## D. FEASACHT LITEARTHA

**Freagair na ceisteanna seo i do chóipleabhar.**

1. Is **carachtar an-spéisiúil** í Bróna Ní Fhlannagáin. Cén mothúchán a mhúscail an carachtar seo ionat?
2. 'Tá Lúsaí **an-dian ar na daltaí** atá in aontíos léi.' Pléigh an ráiteas seo.
3. Léiríonn Ella sa chomhrá a bhíonn aici le Bróna gur **duine an-tuisceanach** agus an-chineálta í. An aontaíonn tú leis an ráiteas seo?
4. Is léir go bhfuil Saorla Ní Mhurchú ag iarraidh **an ceann is fearr a fháil** ar Ella. Cén fáth a bhfuil sí chomh hiomaíoch sin le hElla?
5. Is buachaillín beag **seiftiúil** é Liam. Cén chaoi a mbaineann sé mí-úsáid as na Gaeilgeoirí?
6. Is **carachtar an-ghreannmhar** é Josh. Cén chaoi a gcuirtear a charachtar inár láthair?





## E. STÓR FOCAL AGUS SAIBHREAS TEANGA

1. Meaitseáil na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis.



| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| 1. | pé rud | *a.* | *later* | 1. | |
| 2. | sásúil | *b.* | *whatever* | 2. | |
| 3. | ar ball | *c.* | *project* | 3. | |
| 4. | friochta | *d.* | *a little drop* | 4. | |
| 5. | braoinín | *e.* | *nonsense* | 5. | |
| 6. | bruite | *f.* | *satisfactory* | 6. | |
| 7. | ullamh | *g.* | *sadness* | 7. | |
| 8. | bladar | *h.* | *boiled* | 8. | |
| 9. | dúshlán | *i.* | *challenge* | 9. | |
| 10. | tionscnamh | *j.* | *fried* | 10. | |
| 11. | cumha | *k.* | *ready* | 11. | |



snas.ie © Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

2. Seo thíos cúpla nath a chloistear go minic i nGaeilge Chonamara. An féidir leat iad a chur in abairtí ina léirítear a mbrí?

| | |
|---|---|
| a. ag aireachtáil | |
| b. cantal | |
| c. táim curtha soir ag | |
| d. ar fhaitíos | |
| e. gabh amach | |
| f. beag an baol | |
| g. diabhal cailleadh ar | |



3. Úsáideann a lán carachtar téarmaí maslacha le linn an chláir seo. Glaonn Máirín **'leibide'** ar Mhurt, glaonn Saorla **'lúidín'** ar Zach agus glaonn Treas **'pleota'** ar Naoise. An féidir leat smaoineamh ar 5 shampla eile de théarmaí dímheasúla a chuireann an bhrí chéanna in iúl? Bain úsáid as www.focloir.ie chun cabhair a fháil.

| |
|---|
| a. |
| b. |
| c. |
| d. |
| e. |







© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**F. FEASACHT TEANGA**

**Oideas: Cáca Baile Mháirín Jude**

Is cócaire den scoth í Máirín Jude Ní Fháthartha. Mar a deir sí féin, 'ní bhíonn ganntanas bia ná dí' ina teach. Breathnaigh **ar an oideas thíos dá cáca baile cáiliúil** a bhácálann sí gach maidin dá cuid Gaeilgeoirí.




**Comhábhair**
250g plúr donn
200g plúr bán
1 taespúnóg de shóid aráin
1 taespúnóg de shalann
1 ubh
350ml bláthach
1 taespúnóg de mhil
Le cur ar bharr an chácа bíodh min choirce agat

**Modh**

- Déan an t-oigheann a théamh go 200°C (400F).
- Measc an plúr, sóid aráin agus salann le chéile i mbabhla.
- Caith isteach an ubh leis an mbláthach agus leis an mil. Ansin measc isteach sa phlúr in éineacht iad. Caith isteach braoinín eile den bhláthach má tá tú ag ceapadh go bhfuil sé ag breathnú ruainne beag tirim. Ba cheart go mbeadh taos sách bog agat.
- Caith an taos isteach i stán builín ansin agus caith an mhin choirce ar bharr an chácа.
- Fág san oigheann an cáca ar feadh 40-45 nóiméad.
- Agus an cáca fuar, bain den stán builín é agus cuir tuáille glan mórthimpeall air. Coinneoidh sin sách bog é.
- Déan cinnte go gcuireann tú neart ime air agus bain sult as!






snas.ie
© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

1. An féidir leat **teacht ar na míreanna gramadaí** seo a leanas san oideas sin?

| | |
|---|---|
| a. ainmfhocal firinscneach uimhir uatha | |
| b. réamhfhocal simplí | |
| c. briathar sa mhodh ordaitheach uimhir uatha | |
| d. ainmfhocal sa tuiseal ginideach uimhir uatha firinscneach | |
| e. briathar san aimsir fháistineach | |
| f. aidiacht | |



2. Anois, lig ort gur tusa Zach agus gur chaith tú trí seachtaine ag maireachtáil le Máirín Jude. **Scríobh léirmheas (thart ar 150 focal)** ar an mbia a bhíodh agat gach lá agus tú ag fanacht léi. Luaigh na pointí seo a leanas:
   - An freastal a rinne Máirín Jude ort toisc nach féidir leat ach bainne soighe a ól.
   - An bia a bhíodh agat gach lá.
   - Na béilí áille a d'ith tú.
   - An bia éagsúil a bhí agat i dTigh Mháirín Jude nach mbíonn agat sa bhaile i mBaile Átha Cliath.
   - Cén chaoi ar bhraith tú nuair a bhí ort imeacht abhaile.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |





snas.ie

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**FREAGRAÍ & TREOIR**

**A. RÉAMHOBAIR**

Is féidir na ceisteanna seo a phlé le chéile ag tús an ranga le cabhrú leis na daltaí réamheolas ábhartha faoin mír físe a thabhairt chun cuimhne sula mbreathnaíonn siad uirthi.

**B. CLUASTUISCINT**



1. Tá frustrachas uirthi nach bhfuil aon phríobháideachas aici.
2. Réalta reatha ag rásaíocht tríd an spéir.
3. Go bhfuil na cailíní sa teach ag briseadh rialacha an Choláiste maidir le húsáid na bhfón póca.
4. Tá buachaillí i dteach Mháirín ach tá cailíní i dTeach Dan.
5. Is cócaire iontach í Máirín ach is droch-chócaire é Dan.
6. b. aire a thabhairt dá chlann
7. Le gur féidir léi teagmháil a dhéanamh lena teaghlach toisc go bhfuil uaigneas uirthi.
8. a. misneach
9. Ceol na nóchaidí.
10. Dhá euro.

**C. STÓR FOCAL AGUS SAIBHREAS TEANGA**

1. Líon na bearnaí Bróna Ní Fhlannagáin (Script)
   Cuir na daltaí ag obair i ngrúpaí beirte agus tabhair Ról A agus Ról B gach duine acu. Caithfidh Duine A Cuid 1 a léamh agus caithfidh Duine B a bearnaí a líonadh. Ansin, déanfaidh siad rólanna a mhalartú. Tá an script ar fáil mar aguisín agus beidh sé le cóipeáil, gearradh agus dáileadh ar na daltaí.

2. Tá an focal *brón* ina chuid lárnach d’ainm an chailín seo agus is cosúil go léiríonn sé an cineál pearsantachta atá aici. Ní duine í a dtaitníonn sé léi an baile a fhágáil ná triail a bhaint as rudaí nua agus is léir nach bhfuil mórán misnigh aici ach an oiread.

3. Samplaí d’ainmneacha Gaeilge a léiríonn tréithe an duine:
   - Fionn/Finn (*Fair)*
   - Dara (*oak)*
   - Caoilfhionn (*slender-fair)*
   - Bláithín (*little flower)*

**D. FEASACHT LITEARTHA**

Is féidir an chuid seo den cheacht a dhéanamh sa rang nó mar obair bhaile.



**E. STÓR FOCAL AGUS SAIBHREAS TEANGA**

1. Meaitseáil:

| 1. | 2. | 3. | 4. | 5. | 6. | 7. | 8. | 9. | 10. | 11. |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| b | f | a | j | d | h | k | e | i | c | g |



snas.ie

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

2. Cuardaigh nathanna eile a bhaineann leis na frásaí seo ar na suíomhanna seo a leanas le teacht ar abairtí samplacha: www.focloir.ie, www.teanglann.ie, www.corpas.ie

3. Téarmaí dímheasúla (samplaí):

| |
|---|
| a. Amadán (fear) |
| b. Óinseach (bean) |
| c. Pleidhce |
| d. Liúdramán |
| e. Dúramán |



**F. FEASACHT TEANGA**: Míreanna gramadaí

| | |
|---|---|
| a. Ainmfhocail fhirinscneacha san uimhir uatha | plúr, comhábhar, salann, arán, bláthach, cáca, oigheann, babhla, braoinín, taos, tuáille, stán, coirce |
| b. Réamhfhocail shimplí | ar, le, de, i, go |
| c. Briathar sa mhodh ordaitheach, uimhir uatha | measc, déan, caith, fág, bain |
| d. Ainmfhocail fhirinscneacha sa tuiseal ginideach uatha | sóid aráin, ar bharr an cháca, neart ime |
| e. Briathar san aimsir fháistineach | coinneoidh |
| f. Aidiachtaí | donn, bán, beag, bog, tirim, fuar |





snas.ie

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

**AGUISÍN DO C. STÓR FOCAL AGUS SAIBHREAS TEANGA, CEIST 1**

**Cuid 1 – le léamh os ard ag Duine A**

Is mise Bróna Ní Fhlannagáin. Táim dhá bhliain déag d'aois. Tá cónaí orm ar an gCarraig Dhubh i mBaile Átha Cliath le mo Mham, Deirdre, mo Dhaid, Tomás, agus mo bheirt deartháireacha, Traolach agus Ruairí. Is é Ruairí an duine is sine sa teaghlach. Tá sé seacht mbliana déag d'aois agus freastalaíonn sé ar Choláiste Eoin i mBaile an Bhóthair. Is aoibhinn leis iománaíocht, peil agus sacar. Is é Traolach an duine is óige sa teaghlach. Tá sé deich mbliana d'aois agus sa bhunscoil go fóill. Cuireann sé isteach orm anois is arís mar bíonn sé i gcónaí ag iarraidh orm dul amach ag súgradh leis sa pháirc áitiúil.



✂-----------------------------------------------------------------------------------------

**Cuid 2 – le léamh os ard ag Duine B**

Beidh mé ag dul isteach sa chéad bhliain an bhliain seo chugainn. Tá áit faighte agam i gColáiste Íosagáin. Is Gaelcholáiste do chailíní amháin é. Táim an-neirbhíseach mar táim ar bheagán Gaeilge. Tá mo thuismitheoirí chun mé a chur siar go Conamara go Coláiste Mhaigh Rua chun feabhas a chur ar mo chuid Gaeilge labhartha ach níl fonn imeachta orm ar chor ar bith. Táim buartha go mbeidh mé uaigneach ar feadh trí seachtaine sa Ghaeltacht gan mo Mham go háirithe. Beidh sé dian agus nílim ag súil leis in aon chor.





snas.ie

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad